AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.4.2021
COM(2021) 156 final

2021/0082 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Aeriompair idir Stát Chatar, de pháirt amháin, agus an tAontas Eorpach, de pháirt eile.**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Tá an Comhaontú maidir le hAeriompar idir Stát Chatar (dá ngairtear “Catar” anseo feasta) agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit (dá ngairtear “an Comhaontú” anseo feasta) tugtha i gcrích le hidirbheartaíocht ag an gCoimisiún de réir mar a d’údaraigh an Chomhairle an 7 Meitheamh 2016. An [xx] shínigh an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Catar, den pháirt eile, an Comhaontú a raibh sé beartaithe, *inter alia*, go n-éascófaí leis leathnú deiseanna aeriompair idirnáisiúnta agus go n-áiritheofaí ardchaighdeáin chun nach mbainfí mí-úsáid as margaí oscailte agus go mbeadh a oiread tairbhí agus ab fhéidir ann do thomhaltóirí, don slabhra eitlíochta ina iomláine agus d’oibrithe.

### • Comhthéacs ginearálta

Leagtar amach cuspóir ginearálta sna treoracha idirbheartaíochta, mar atá comhaontú aeriompair cuimsitheach a thabhairt i gcrích le hidirbheartaíocht chun rochtain ar an margadh a oscailt de réir a chéile agus go cómhalartach, comhar agus cóineasú rialála a fheabhsú agus a áirithiú go mbeidh iomaíocht chóir agus trédhearcacht ann.

### • Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Príomhchuid d’fhorbairt bheartas seachtrach eitlíochta an Aontais is ea comhaontuithe aeriompair de chuid an Aontais a thabhairt i gcrích, de réir mar a tuairiscíodh i dteachtaireacht COM (2012) 556 final ón gCoimisiún maidir le “Beartas Seachtrach Eitlíochta an Aontais - Aghaidh a Thabhairt ar Dhúshláin a Bheidh Ann” agus COM (2015) 598 final maidir le “Straitéis Eitlíochta don Eoraip”: Tá Catar ar na margaí is mó fás lasmuigh den Aontas. Tá rochtainiomlán ar an margadh tugtha ag beagnach gach Ballstát cheana trí na comhaontuithe aersheirbhísí déthaobhacha atá acu faoi láthair le Catar roimh shíniú an Chomhaontaithe. Os a choinne sin, níor leor na forálacha atá sna comhaontuithe déthaobhacha sin maidir le nithe is gá chun mí-úsáid ionaid margaidh a sheachaint, nithe ar nós iomaíoch chóir, trédhearcachta agus cúrsaí sóisialta, a bhfuil gach ceann díobh san áireamh sa Chomhaontú.

### • Comhsheasmhacht le forálacha atá ann cheana i réimse an togra

Tá tús áite ag forálacha an Chomhaontaithe ar fhorálacha ábhartha na gcomhaontuithe aersheirbhísí atá ann cheana idir na Ballstáit agus Catar. Mar sin féin, féadfar leanúint d’aerchearta a theachtadh atá ann faoi láthair agus a thagann as na comhaontuithe déthaobhacha sin agus nach bhfuil cumhdaithe faoin gComhaontú seo, ar choinníoll nach ndéanfar aon aon idirdhealú i gcoinne Ballstát ná a náisiúnach.

Le Rialachán (AE) 2019/712 maidir le hiomaíocht san aeriompar a chosaint áirithítear nach mór cloí le hoibleagáidí idirnáisiúnta, ar na n-áirítear oibleagáidí an Chomhaontaithe seo, agus beartais á nglacadh ar a bhonn.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Airteagal 100(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ("CFAE") i dteannta Airteagal 218(6)(a) de.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Beidh tús áite ag forálacha an Chomhaontaithe ar fhorálacha ábhartha na socruithe a rinneadh cheana idir Ballstáit ar leith agus Catar. Leis an gComhaontú seo táthar ag cruthú go comhuaineach coinníollacha comhionanna aonfhoirmeacha maidir le rochtain ar an margadh a bheidh i bhfeidhm maidir le haeriompróirí uile an Aontais Eorpaigh agus ag cur ar bun socruithe nua le haghaidh comhar agus cóineasú rialála Is ar leibhéal an Aontais amháin is féidir na socruithe sin a bhaint amach.

Is le gníomhaíocht de chuid an Aontais is fearr a ghnóthófar cuspóirí an togra, ar na cúiseanna seo a leanas.

Faoin gComhaontú is féidir na téarmaí ann a leathnú amach go comhuaineacht chuig na 28 mBallstát, agus na rialacha céanna á gcur i bhfeidhm gan idirdhealú agus le leas aeriompróirí uile an Aontais, cibé náisiúntacht atá acu. Tá forálacha cuimsitheacha ann maidir le fóirdheontais, cleachtais fhrithiomaíocha agus trédhearcacht agus sásraí láidre chun iad a fhorfheidhmiú, rud a chuideoidh cothrom iomaíochta a choinneáil ar bun le haghaidh aersheirbhísí idir an tAontas agus Catar, agus idir an tAontas agus cinn scríbe eile, san Áis mar shampla, a oibrítear trí Chatar. Níl forálacha inchomparáide san áireamh in aon cheann de na comhaontuithe aersheirbhísí déthaobhacha a thug Ballstát i gcrích.

Leis an gComhaontú, tá daingniú breise déanta ar an rochtain atá ag aeriompróirí uile an Aontais ar dheiseanna tráchtála, ar nós na ndeiseanna a bhaineann le seirbhísí láimhseáil ar an talamh, comhroinnt cód eitilte, idirmhódúlacht, ar an deis praghsanna a shocrú gan bhac agus tá deireadh curtha leis an gceanglas atá ar aeriompróirí an Aontais a bheith ag obair le hurraitheoir áitiúil chun oifigí áitiúla a bhunú i gCatar. Lena chois sin, tá forálacha sa Chomhaontú maidir le cúrsaí sóisialta atá ag teacht leis na forálacha i gcuid de chomhaontuithe trádála idirnáisiúnta an Aontais Eorpaigh lena gceanglaítear ar na páirtithe a mbeartais shóisialta agus saothair a fheabhsú de réir na ngealltanas idirnáisiúnta atá tugtha acu, go háirithe i gcomhthéacs na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair. Níl forálacha inchomparáide san áireamh in aoncheann de na comhaontuithe aerisheirbhísí déthaobhacha a thug Ballstát i gcrích.

- **Comhréireacht**

Bunaíodh Comhchoiste d'ionadaithe ón gCoimisiún agus ó na Ballstáit agus ó Chatar, chun cúrsaí a phlé a bhaineann le cur chun feidhme an Chomhaontaithe. Cothaíonn an Comhchoiste ar an gcaoi sin malartú ar leibhéal na saineolaithe agus féadfaidh sé dearcadh ar réimsí inar féidir tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an gComhaontú.

Sa bhreis air sin, tá na Ballstáit ag leanúint de na cúraimí riaracháin traidisiúnta a dhéanann siad i gcomhthéacs an aeriompair idirnáisiúnta, ach is faoi réir rialacha a chuirfear i bhfeidhm go haonfhoirmeach a dhéanfaidh siad sin feasta.

- **An rogha ionstraime**

Comhaontú idirnáisiúnta.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

I gcomhréir le hAirteagal 218(4) CFAE, rinne an Coimisiún idirbheartaíocht i gcomhairle le coiste speisialta. Chuathas i gcomhairle le páirtithe leasmhara as gach cuid den slabhra luacha agus le comhpháirtithe sóisialta, ar a n-áirítear ceardchumainn go háirithe, chomh maith. Cuireadh san áireamh tuairimí a nochtadh le linn an phróisis sin.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Neamhbhainteach.

- **Measúnú tionchair**

Neamhbhainteach.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach.

- **Cearta bunúsacha**

Neamhbhainteach.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh aon impleachtaí ag an togra maidir le buiséad an Aontais.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Achoimre ar an gcomhaontú atá beartaithe**

Is éard atá sa Chomhaontú, corp an téacs, ina bhfuil na príomhphrionsabail, agus dhá iarscríbhinn: Iarscríbhinn I maidir le forálacha idirthréimhseacha agus Iarscríbhinn II maidir le hinfheidhmeacht gheografach na gceart tráchta den chúigiú saoirse le haghaidh seirbhísí 'lasta uile'.

2021/0082 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Aeriompair idir Stát Chatar, de pháirt amháin, agus an tAontas Eorpach, de pháirt eile.**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de, i dteannta Airteagal 218 (6)(a) agus Airteagal 218 (7) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh XXXX/XX ón gComhairle, síníodh an Comhaontú maidir le hAeriompar idir Stát Chatar, de pháirt amháin, agus an tAontas Eorpach, de pháirt eile, an XX, faoi réir a thabhairt i gcrích amach anseo.

(2) Tá an Comhaontú daingnithe ag na Ballstáit uile.

(3) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas thar ceann an Aontais.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Tá an Comhaontú maidir le hAeriompar idir Stát Chatar, de pháirt amháin, agus an tAontas Eorpach, de pháirt eile (dá ngairtear "an Comhaontú" anseo feasta) formheasta leis seo thar ceann an Aontais.

Tá téacs an Chomhaontaithe i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Ainmneoidh Uachtarán na Comhairle an duine a chumhachtófar dul ar aghaidh, thar ceann an Aontais, agus an ionstraim formheasta dá bhforáiltear in Airteagal 29 den Chomhaontú a thabhairt a chur á taisceadh, chun a chur in iúl gur thoiligh an tAontas ar bheith faoi cheangal ag an gComhaontú.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá a nglacfar é.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*